Ar fáil **saor in aisce** sna trí paróistí: **Na Rosa • Gaoth Dobhair • Cloch Cheannfhaola**

# Goitse

**SAOR IN AISCE** sna trí paróistí

Uimhir 9
Meitheamh
2011




**Forlíonadh Speisialta istigh: Lgh 5-12**

## Comórtas Peile na Gaeltachta
## CLOCH CHEANNFHAOLA

# Táillí úra ar an bhealach

Tá pleananna ag an rialtas táillí úra a ghearradh ar gach teach cónaithe sa tír ar an bhliain seo chugainn.

Tá táille le cur ar gach teach i mí Eanáir agus meastar go ngearrfar thart ar €100 air sin. Is fiú sin €180 milliún sa bhliain don rialtas.

Ach tiocfaidh táille eile isteach níos moille i 2012 fosta mar cuirfear táille uisce in áit sula mbíonn na méadair uisce in áit i dtithe ar fud na tíre.

Ní fios go fóill cá mhéad a bheas ar an táille uisce ach ní bheidh baint ar bith idir an táille agus an méid uisce a úsáidtear sa teach.

Sin an gearán is mó atá ag daoine atá in éadan an táille, nach spreagfaidh sé daoine leis an méid uisce a úsáideann siad a laghdú.

Chomh maith leis sin, níl nasc ar bith sa reachtaíocht idir an táille uisce agus an córas uisce sa tír a chóiriú, rud atá práinneach de réir innealtóirí agus lucht eacnamaíochta, má tá córas ceart uisce le bheith againn. Is coinníol é den chomhaontú a rinne rialtas Fianna Fáil agus an Comhaontas Glas leis an Aontas Eorpach agus an IMF go ngearrfaí táillí uisce in Éirinn don chéad uair riamh agus goilleann sin ar chuid de na grúpaí atá ina n-éadan mar deir siad nach rachaidh an t-airgead isteach sa chóras uisce ar chor ar bith ach go mbainfear úsáid as an bhrabach le costaisí na mbanc a íoc.

Dúirt Dinny McGinley gur ag caomhnú uisce a bheadh na táillí agus nach mbeadh táille cothrom ar gach teach nuair a bhí na méadair istigh.

De réir an Teachta Dála Thomas Pringle, a labhair amach in éadan na dtáillí sa Dáil, níl baint ar bith ag na táillí le caomhnú uisce, mar atá ráite ag an Aire Comhshaoil agus an rialtas. Dúirt Pringle nach bhfuil i gceist leis na táillí ach bealach eile le airgead a bhailiú ón phobal le droch-iasachtaí na mbanc a ghlanadh.

Creideann Pearse Doherty fosta nach bhfuil ionannachas ar bith leis na táillí uisce.

Dúirt sé go bhfuil seacht mí ag daoine a nguth a ardú le hinse don rilatas nach raibh siad sásta glacadh leis na táillí úra seo nuair a bhí a fhios ag an tsaol mór go raibh an córas uisce agus an infrastruchtúr briste agus go raibh meastachán ann gur caillead 40% de uisce na tíre fríd poill sna píopaí.

Tá an chontúirt ann go rachaidh an reachtaíocht fríd an Dáil go gasta de thairbhe go bhfuil mórlach chomh mór sin san Oireachtas ag an rialtas ach bhí Pringle agus Doherty dearfach go dtiocfadh le feachtas pobail brú a chur ar an rialtas a n-intinn a athrú ar an cheist seo.

Dúirt Mícheál Cholm Mac Giolla Easbuig, gníomhaí polaitiúil agus ball den ghrúpa Poblachtach Éirígí, go raibh sé mar pholasaí ag grúpa s'acu seasamh in éadan na dtáillí le dhá bhliain anuas, ó ardaíodh an cheist.

"Níl ach bealach amháin le stop a chur leis na táillí," a dúirt sé, "agus sin ar na sráideacha nuair a dhiúltaíonn daoine na táillí a dhíol nó nuair a dhiúltaíonn siad cead a thabhairt na méadair a chur isteach ar thalamh daoine."

**Ar lean ar lch 2**



**Rónán Beo:** *An tAire Stáit i Roinn na Gaeltachta, Dinny McGinley, ag déanamh comhghairdis le buaiteoir Ghradam Oireachtais na Meáin Chumarsáide Rónán Mac Aodha Bhuí ag ócáid i nGaillimh ar na mallaibh.*

## ISTIGH

**3: Sliocht as Scríbhinní Johnny Sheáin: Comórtas 'Trasna an Ghaoith'**






**13: Blag na mBuataisí**





**14: Focla Mhicí**

# *Amhras faoi thodhchaí Fiontraíochta an Údaráis*

Tá amhras faoi thodhchaí Údarás na Gaeltachta i gcúrsaí fiontraíochta.

Tuigtear do Goitse go mbeidh Dinny McGinley i láthair ag cruinniú Bhord an Údaráis Dé hAoine nuair a fhógróidh sé go bhfuil cuid mhaith de na cúraimí fiontraíochta atá ag an Údarás i láthair na huaire ag dul go dtí an IDA agus Fiontraíocht Éireann.

De réir na foinse a raibh muid ag caint leis, coinneoidh an tÚdarás cúraimí fiontraíochta a bhaineann le fiontraíocht turasóireachta, teangan agus pobail. Agus muid ag dul chuig an chlódóir, níorbh fhéidir linn dul i dteagmháil le McGinley nó le ball ar bith de Bhord an Údaráis.

Más fíor go bhfuil gearradh siar ar chúraimí an Údaráis, beidh impleachtaí aige sin ar chúrsaí fostaíochta sa Ghaeltacht, idir dhaoine atá fostaithe ag an Údarás fá láthair agus daoine a bheadh ag súil leis an Údarás jabanna a mhealladh isteach sa Ghaeltacht.

# Táillí úra ar an bhealach

*Ar lean ó lch 1*

Bhéarfadh sé tacaíocht do ghrúpa ar bith neamhspleách a raibh sé mar aidhm aige seasamh láidir a ghlacadh in éadan na dtáillí.

Beidh cruinniú i Halla Anagaire Dé Sathairn 11 Meitheamh ag toiseacht ar a 12.00 leis an cheist seo a phlé agus le coiste pobail a bhunú a eagróidh feachtas in éadan na dtáillí uisce agus iarradh ar dhuine ar bith a mbeadh suim acu ann bheith i láthair.

Bhí caint fosta faoi tháille eile ar dhaoine a bhfuil umar seipteach (*septic tank*) acu.


Níl sé soiléir go fóill an táille eile ar fad a bheas ann nó an mbeidh se mar chuid de na táillí uisce úra ach tá brú ar an rialtas cloí le cinneadh sa Chúirt Eorpach i 2009 gur ag sárú rialacha timpeallachta na hEorpa a bhí muintir na tíre seo a raibh an umar seipteach acu.

Ní fios ach oiread an mbeidh dualgas ar úinéir ti a bhuil umar seipteach aige cruthú go bhfuil cothabháil rialta déanta air.

# 'Ag dul chun Aonaigh dom…'



Na hainmhithe á gcur féin in aithne dá chéile ag Aonach Bhraighnidh, a reáchtáladh ag Teach Phete.



Colm Croker agus Mícheál Choilm Mac Giolla Easbuig ag baint suilt as Aonach Bhraighnidh, a reáchtáladh in Doirí Beaga, ar na mallaibh.



Doimnic Neilí Mac Giolla Bhríde, Theresa Kavanagh agus Niall Hackett ag bualadh ceoil ag Aonach Bhraighnidh.

# Glantachán Glas Ghaoth Dobhair

I ndiaidh cruinnithe sa Chrannóg ar na Doirí Beaga i nGaoth Dobhair an mhí seo a chuaigh thart, rinneadh cinneadh coiste a chur ar bun le feachtas a reáchtáil le Paróiste Ghaoth Dobhair a ghlanadh suas agus iarracht a dhéanamh dhul i ngleic le dumpáil mídhleathach agus an bruscar ar thaobh na mbóithre agus fríd an cheantar.

Rinneadh an cinneadh ceithre rud a dhéanamh láithreach:

1. Lá mór glantacháin eile (ag leanúint ar aghaidh ón cheann iontach maith a bhí ann í mí Mhárta) ar an 18ú Meitheamh- roimh shéasúr an tsamhraidh. Beidh an coiste ag súil lena lán tacaíochta ón phobal uilig ar an lá seo. Mar is mó a ghlacann páirt, dar leo, is lú a bheas le déanamh ag achan nduine.
2. Feachtas eolas áitiúla a sheoladh leis an pobal a chur ar an eolas faoin fhadhb atá againn agus na modhanna atá ar fáil go h-áitiúil le bruscar a láimhseáil.
3. Comharthaí a chuir in airde fríd an phobal ag iarraidh cosc a chur ar dumpáil mídhleathach.
4. Iarracht a dhéanamh le níos mo boscaí bruscar a chuir ar fáil ar an phríomh bhóthar, agus in áiteanna stráitéiseacha eile.

Fosta, mar eolas – ta sé déimhnithe go mbeidh bailiúchan de earraí leictreacha á eagrú ag an Chomhairle Contae i mí Dheireadh Fómhair sa cheantar, agus iarrtar ar dhaoine a bhfuil ábhar leictreach acu le réitithe a fháil de , é a choinneáil go dtí sin nó é a thabhairt go dtí an t-ionad athchúrsála ar an Chlochán Liath ( áit a dtig é a fhágáil saor in aisce!!). Tá an dáta do bhailiúchán seo le cinntiú go fóill ach déanfar fógraíocht fá dtaobh de níos cóngaraí don am.

## Margadh Theach Mhuiris



**Thosaigh Margadh Tuaithe úr ag Teach Mhuiris i mBun an Leaca ar an deireadh seachtaine fada lá Bealtaine. Bhí bácáil baile, glasraí agus plandaí, ábhar ceirde srl ar díol istigh agus amuigh den seanteach breá seo. Bhí ceol á chur ar fáil ag ceoltóirí óga na Crannóige agus ar ndóigh tine dheas sa teallaigh agus cupa tae á chur ar fáil ag Maireád Ní Dhúgáin.**

**Tá an Margadh á eagrú ag Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair, agus tá súil go mbeidh sé ina ócáid mhíosúil. Beidh an chéad Mhargadh eile ar an Domhnach an 5 Meitheamh ag an 2in agus má tá suim agat spás a chur in áireamh, cuir scairt ar an Chrannóg ag 95 32208.**







# Scríbhinní Johnny Sheáin seolta


Cuid den scaifte a bhí i láthair in Óstán na Cúirte ag ócáid seolta an leabhair.

Bhí An Chúirt pacáilte go doras le linn Éigse Uladh do lainseáil Trasna an Ghaoith, bailiúchán scéalta agus scríbhneoireachta ó pheann Johnny Sheáin a chuir a mhac Noel, príomhoide Phobalscoil Ghaoth Dobhair, in eagar.

Tá DVD agus dhá dhlúth-dhiosca saor leis an leabhar atá ar fáil go forleathan i siopaí ar fud an cheantair seo ar phraghas €25.

Ach is féidir le triúr de chuid léitheoirí *Goitse* cóip saor in aisce a bhaint sa chomórtas ag bun an leathanaigh seo.


Noel Johnny Sheáin, eagarthóir Trasna an Ghaoith


*Seo sliocht as an leabhar Trasna an Ghaoith, scríbhneoireacht Johnny Sheáin a cuireadh in eagar ag a mhac Noel. Bhí Johnny ag scríobh faoin chairdeas a bhí idir mhuintir Mhachaire Loisce agus muintir Rann na Feirste a bhí ina gcónaí "trasna an ghaoith" óna chéile.*

## An Mhachaire Loisce agus Rann na Feirste

I nGaoth Dobhair atá an Mhachaire Loisce, ceann de chorradh le leathchéad baile fearainn atá sa phobal sin. Níor thabhaigh sé riamh clú mar a rinne Rann na Feirste atá trasna an ghaoith uaidh, nó an Bun Beag, atá sa chomharsanacht leis. Déarfá nach raibh a fhios ag lucht údaráis go raibh a leithéid ann nó ar pháipéir chíosa is gearrthacha, ba faoi '*Townland of Meenaduff*' a bhí sé gortha. Agus tá a fhios ag an tsaol, cibé mar a bhí an Mhachaire Loisce, gur mheasa go mór an Muine Dubh. Cúig teaghlaigh is fiche a bhí ann agus mise ag éirí aníos ann trí scór bliain ó shin. Teaghlaigh mhóra a mbunús. Ní raibh ach an leathdosaen tithe ar an Mhuine Dhubh. Níl a fhios agam cad chuige a raibh tiarnas aige ar pháipéir chíosa is gearrthacha is liostaí vótála. Ach sin mar a bhí. Ní raibh aitheantas oifigiúil againn agus níl go fóill. Is iomaí cúis ba táire ar troideadh go dian ar a son! Ní raibh mórán d'ollmhaitheas an tsaoil ag muintir na Machaire Loisce san am a bhfuil mé ag trácht air. Ní raibh siopa ná teach leanna ar an bhaile ná beathach capaill ná tarbh ach oiread. Bhí cúpla ceann eallaigh in achan teach, ceart go leor, agus paistí de thalamh méith faoi bhun beanna agus clúdacha foscaíocha idir chreagacha. Agus bhí roinnt nó dhó feamnaí ag achan teaghlach agus fáil acu ar bhia trá. Bhí moladh ar bharr phrátaí an bhaile. Sin siocair go raibh níos mó den talamh créafóige ann ná bhí den domasach, agus ba mhinic daoine as baile isteach ar lorg prátaí ann i dtús earraigh, go mórmhór fá choinne póir.

### Clú agus Míchlú

Ach munar thabhaigh an baile s'againne clú, thabhaigh sé míchlú nárbh airí air é. Bhí sé ina mhanadh fríd an phobal: 'Tine na Machaire Loisce: dhá fhód agus cuthrán'. Ní raibh an manadh ag cur leis an fhírinne nó ní raibh aon bhaile sa phobal ab fhearr a bhfaighfeá tine ann ná ar an Mhachaire Loisce agus bhíodh cruach bhreá mhónadh ag achan teach i ndeireadh samhraidh. Cúig lód cairr sa lá ó chaorán Róise ar ocht bpingin déag an carr, as a hiompar ar ndóigh. Obair shleáin a bhaineadh gach teach agus punt an gnáthchíos a gheibheadh Róise ar obair an tsleáin. Na bachtaí bheith lom roimh ré agus meitheal de thriúr ag obair lá na bainte: fear ag baint, fear ag cur as poll agus fear ag baint móin spáide. Bhíodh ó dheich gcarr is fiche go daichead carr ar obair an tsleáin agus móin bliana ann do



ghnáth-theach. D'inis Máire Mhicí domh — bhí clú ar Mháire de thairbhe a cuid seanchais — gur dream coimhthíoch a scaoil isteach ón fharraige fada ó shin agus a chuir an áit ar thine, gur sin an rud a thug a ainm don Mhachaire Loisce. *Incendiaries* na cianaoise creidim!

### Muid Féin agus Muintir Rann na Feirste

Bhí baint nár bheag idir muid féin agus Rann na Feirste, sin sula bhfuair Rann na Feirste coláiste agus sular thosaigh Clann Uí Ghrianna ag scríobh. Ní raibh eadrainn ach an gaoth agus le lag trá gheofá anonn nó anall an deán. Bhí fearsaid faoin Chaiseal agus ceann i gcúl an oileáin. Chaithfeá na bróga a bhaint díot, ar ndóigh, agus le lag trá, ní rachadh an t-uisce go dtí na glúine ort. Ba mhinic muintir Rann na Feirste anall, ar a mbealach chun an Bhun Bhig chun an tsiopa, nó in amanna, ar lorg prátaí nó fastóidh, nó coileán madaidh nó puisín cait. Ach ba í an bhuachailleacht an ceangal a bhí idir gasúraí an bhaile s'againne agus na gasúraí thall. Bhí muidinne ag buachailleacht cois an chladaigh abhus agus iadsan os cionn na mbeann thall. Bhí muid fá fhad scairte dá chéile nuair a bhí an tráthnóna ciúin. Chuireadh muid forrán ar a chéile, forrán a fágadh mar oidhreacht againn ó na glúnta a chuaigh romhainn, go maithe Dia dóibh é! Ó thaobh na Machaire Loisce chluinfeá go hardghlórach: 'Muintir Rann na Feirste, na stealladóirí gránna, ag ithe míola dearga isteach go dtí na cnámha'. Agus ó bharra na mbeann thall: 'Muintir Ghaoth Dobhair na ngabhlán breac, ag ithe is ag ól, ag mún is ag cac'. Ach sin a mbíodh de. Agus níor lú caradas na mbailte de thairbhe na graostachta.

### 'Máire' agus an Baile s'Againne

Scríobh mac d'Fheilimí Dhónaill Phroinsiais leabhar, *Mo Dhá Róisín*, agus bhí ainm na Machaire Loisce sa leabhar, agus lena chois sin, daoine as an Mhachaire Loisce a bhí beo beathach, ainmnithe! Nár mhór an tógáil cinn sin dúinn, muidinne a bhí faoi dhrochmheas inár bpobal féin! Nár bhaist amhlóir inteacht '*Rotty-Toy*' ar an bhaile.

Ní raibh mórán léinn Ghaeilge ar an Mhachaire Loisce san am sin ach bhí Máire Mhicí ábalta Gaeilge a léamh. D'fhoghlaim sí é ag ranganna Thómais Bháin Uí Choinceanainn, a bhí ina thimire ag Conradh na Gaeilge i dtús na haoise. Agus bhí teach Mháire ina theach airneáil ag muintir an bhaile. Fuarthas cóip den leabhar agus bhí an teach lán ag Máire achan oíche ag éisteacht léi ag léamh *Mo Dhá Róisín*.

Bhínn féin sa chuideachta fosta, tachrán de chuid na comharsan. Sa bhliain 1912 a saolaíodh mé, mar a deir siad sa Nua-Ghaeilge (tá dúil agam san fhocal 'saolaíodh'). Ní iarrfainn de phléisiúr ach ag éisteacht. Ba tús m'eolais ar litríocht é.

'Áit dheas lá ar bith sa bhliain Ceann Dubhrann na ndumhchan bán....' Agus bhínn ag fanacht le hainm na Machaire Loisce a chluinstin. 'Taibhse mná . . . bean ag teacht 'na Machaire Loisce 'un faire....' Do bharúil cé a bhí marbh? 'Aodh Tharlaigh Nórann' — nach iomaí culaith a rinne sé domh blianta ina dhiaidh sin!

Bhíodh Séarlaí Chet ag an airneál fosta, glas-stócach agus é lán cuideachta. Tá sé beo go fóill, beannú air. Bhí léamh na Gaeilge ag Séarlaí fosta agus é maith aige agus níodh sé sealaíocht le Máire. Ach ní raibh sé sásta go hiomlán le leagan Shéamais Uí Ghrianna — ní raibh go leor de mhuintir na Machaire Loisce sa scéal! Chuir Séarlaí a léamh féin ar rudaí: bhí Hiúdaí Ó Fearraigh ag imirt chártaí, bhí Séamas Árais ag damhsa, Domhnall Éamainn ag iascaireacht bradán. I ndiaidh na léitheoireachta, tháinig an léirmheas agus ba Séarlaí a bhain an sult as ag éisteacht agus leamhgháire air le seanóirí an bhaile. 'Scríos Dé, má rinne sé aon choiscéim damhsa riamh!', 'Ní aithneodh sé bradán dá bhfeicfeadh sé é', 'Char chuir sé cárta le clár ina shaol'....

**comórtas**



## EAGARFHOCAL

# Fáilte chun na Féile

Beidh na slóite ag tarraingt ar an cheantar seo as gach ceantar Gaeltachta sa tír thar dheireadh na seachtaine seo agus beidh fearadh na fáilte rompu.

Is é Comórtas Peile na Gaeltachta an fhéile is mó a tharlaíonn sa Ghaeltacht ó bhog siad an tOireachtas amach go dtí na bailte móra nuair a d'éirigh sé ró-mhór do na ceantracha Gaeltachta agus meastar go mbeidh idir 10,000 agus 15,000 cuairteoir ag caitheamh dheireadh seachtaine saoire bainc i bParóiste Chloch Cheannfhaola.

Níl amhras ar bith ann ach gur fiú cuid mhaith airgid sin do ghnónna beaga an cheantair.

Agus tá na daoine go háitiúil ag tabhairt tacaíochta ar bhealach iontach do lucht eagraithe an chomórtais.

Tá coiste iontach éifeachtach a bhí i mbun an tionscnaimh agus ansin tá fo-choistí a bhí i mbun na ngnéanna éagsúla den deireadh seachtaine.

Seans go raibh fo-choistí faoi na fo-choistí fosta!

Cá bith dóigh a eagraíodh é, tá éacht déanta ag muintir Chloch Cheannfhaola ag ullmhú don ócáid mhór.

Roimhe seo, bhíodh deontaisí móra ar fáil ag an chlub a bhí ag reachtáil an Chomórtais ón Údarás, ó Chumann Lúthchleas Gael agus ón Chomhairle Contae.

I mbliana, áfach, de thairbhe géarchéim airgeadais nach bhfuil baint ag muintir na háite seo leis, ní raibh siad ábalta a lámha a leagan ar an stór mór airgid sin agus ní bhfuair siad ach pighineacha i gcomparáid le blianta roimhe seo.

Ach bhí an obair chéanna le déanamh acu leis an pháirc, an clubtheach agus na háiseanna eile a dhéanamh réidh do na clubanna eile a bheadh ag teacht don Chomórtas.

Sin an t-am gur iarr siad ar an phobal áitiúil cuidiú leo.

Tá an rud a tharla ina dhiaidh sin ina shampla dúinn uilig.

Bhí go leor daoine ins an cheantar atá ina gceardaithe gan obair, daoine ar nós bríceadóirí, leictreoirí, siúinéirí agus pluiméirí srl. a tháinig amach a chuidiú leis an obair mhór uilig a dhéanamh thart ar an chlub.

Rinne siad éacht agus rinne siad go deonach é.

Má théann tú chuig an Chomórtas Peile, tchífidh tú toradh a gcuid oibre duit féin.

Tá ábhar bróid ar na daoine uilig a bhí páirteach sa tionscnamh sin agus bheir siad ceacht don chuid eile againn ar an bhealach chun tosaigh dúinn uilig san am seo nuair nach bhfuil deontaisí móra stáit ar fáil ag eagraíochtaí pobail.

Léiríonn sé dúinn fosta na féidireachtaí móra atá sa turasóireacht don cheantar seo.

Má tá thar 10,000 duine ag taisteal chuig an Chomórtas Peile, beidh siad ag caitheamh airgid go háitiúil sna hóstáin, sna bialanna, sna tithe tábhairne agus sna siopaí sa cheantar agus coinneoidh sé sin gnónna agus jabanna ag gabháil.

Is maith an rud é fosta go mbeidh an comórtas Peile ar ais sa cheantar seo ar an bhliain seo chugainn nuair a bheas sé ag teacht go Gaoth Dobhair.

Beidh an t-airgead de dhith go géar fán am sin.

Ach ardaíonn sé ceisteanna fosta faoin easpa imeachtaí móra mar sin a tharlaíonn ar bhonn rialta sa cheantar seo.

Cad chuige nach mbíonn féilte móra Gaeilge sa cheantar?

An rud é nach gcreideann daoine go bhfuil rachairt ar a leithéid?

Tá easpa imeachtaí ann cionn is nach bhfuil infrastruchtúr ceart turasóireachta ann.

Amharc ar na háiteacha a tharraingníonn daoine i rith na bliana, áiteacha ar nós Gleann Cholmcille.

Éiríonn leis an Ghleann turasóirí cultúrtha a mhealladh gach mí sa bhliain.

An fáth atá leis sin ná go gcuireann siad réimse leathan imeachtaí ar fáil don turasóir.

Ní ghlacann siad leis go mbeidh daoine ag iarraidh teacht chuig an cheantar ach, nuair a thig siad, bíonn rudaí le déanamh acu, bíodh sé ina spaisteoireacht sléibhe, bádóireacht, iascaireacht, ceol traidisiúnta, nó rothaíocht.

Níl fáth ar bith nach mbeadh a leithéid chéanna ar fáil do thurasóirí anseo ach oiread.

Tá na háiseanna againn agus, leis an taithí atá ag daoine thart anseo ar na scoláirí Gaeilge sa tsamhradh, d'fhéadfaí na scileanna sin a úsáid i rith na bliana.

Sin bealach amháin a dtig linn bogadh chun tosaigh ar an aimsir seo nuair nach bhfuil iomrá ar bith ar chuidiú ón stát do cheantracha beaga tuaithe.

Arís, bheadh sé sin ag brath ar an phobal uilig tarraingt le chéile, díreach mar a rinne pobal Chloch Cheannfhaola le Comórtas Peile na Gaeltachta a thabhairt dúinn.

## Mála Poist

A chara,
Ba mhaith le Club Óige Rann na Feirste buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a cuidigh leo i rith na bliana le h-imeachtaí an chlub óige a reachtáil; Coiste Áislann Rann na Feirste, Óige na Gaeltachta, na eagraíochtaí Gaeilge ar fad, foireann na scoile, na tuismitheoirí ar fad, pobal Rann na Feirste, na meáin uilig, Denis Dhonnchadh Sheáin, Eoin McGarvey, na clubanna óige uilig, an sagart Ó hOireachtaigh agus an sagart Pádraig Ó Cochlainn agus ár gcairde ar fad. Agus ar ndóigh, na páistí agus na déagóirí ar fad. Tá muid fíor-bhuíoch daoibh uilig. Coiste Club Óige Rann na Feirste.

Tháinig deireadh le himeachtaí Chlub Óige Rann na Feirste oìche Dhéardaoin 26 Bealtaine le coisir agus bronnadh duaiseanna spóirt agus cultúir na bliana. Bhí bliain iontach ag an chlub óige agus beidh siad ar ais arís i mí Mheán an Fhómhair. Bliain speisialta a bheas sa bliain seo chugainn. Beidh an club òige ag ceiliúradh 10 bliana a bhunaithe agus beidh ócáidí éagsúla á eagrú i rith na bliana. Ta tógra drámaíochta ar siúl acu faoi láthair faoi stiúir Niall Mac Eachmharc-aigh agus tacaíocht o Óige na Gaeltachta. Beidh toradh a saothair le feiceáil le linn an tsamhraidh

Beidh 5 champa samhradh á eagru ag club òige Rann na Feirste ón 4 Iúil go dtí 12 Lúnasa in Áislann Rann na Feirste. Tá na campaí á n-eagrú le tacaíocht Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus Óige na Gaeltachta. Tá na campaí do aois-ghrúpa 4 bliana go dtí 12 bliana.

Na dátaí:
4 Iúil go 8 Iúil do 4 bliana go 8 bliana.
11 Iúil go 15 Iúil do 8 bliana go 12 bliana.
18 Iúil go 22 Iúil do 4 bliana go 8 bliana.
1 Lúnasa go 5 Lúnasa do 8 bliana go 12 bliana.
8 Lúnasa go 12 Lúnasa do 4 go 8 bliana.

Beidh ealaín dánta tionscnaimh cheoil agus spóirt, siúlóidií agus drámaíocht i rith na seachtaine. Le tuilleadh eolais a fháil agus clárú a dhéanamh, gobh i dteagmháil le Coiste Chlub Óige Rann na Feirste ar 0879158205.

*—Coiste Chlub Óige Rann na Feirste*



## *An aithníonn tú na páistí seo?*

***Glacadh an ghrianghraf seo ar an Luinnigh sna 1950dí. An dtig leat oibriú amach cé hiad na páistí seo? Táimid buíoch do Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair as an ghrianghraf a chur ar fáil.***

### *Siopa Carthanachta*

**An Uaimh**: Siopa Pobail
Tá "An Uaimh" athchóirithe anois, uaireanta oscailte 10.00 r.n. – 9 i.n. Luain – Aoine. Neart earraí beagnach úr ar phraghas réasúnta, éadach, bréagáin, CD/DVD, Pictiúir, Bargains Galore!
Ionad Naomh Pádraig – www.ionadnp.ie

**Tobar na Leabhar**
Tá réimse leathan leabhar dara láimh ar díol chomh maith le leabhair páistí, €2 an leabhar, ina measc tá stoc breá de leabhair Gaeilge le ligint amach ar cíos.
Ionad Naomh Pádraig – www.ionadnp.ie

### *Cúrsaí*

**Pas Mata don Scrúdú Ardteistiméireachta**
Ranganna Saor in Aisce Déardaoin 2ú Meitheamh 2011 @ 11r.n. Ionad Naomh Pádraig Dobhar.




### *Oíche Chúba*

Beidh Oíche Idir-Chultúrtha in Ionad Naomh Pádraig Dobhar Dé Sathairn 11 Meitheamh ag toiseacht ar 8.30in. Beidh an buíon cheoil as Cúba, the Cuba Orishas, ag soláthar ceoil don oíche i gcuideachta Ian Smith agus beidh scannán agus scoith an bhia ar fáil fosta. Beidh Ambasadóir Chúba in Éirinn, Teresita Trujillo, i láthair. Tá sé saor in aisce ach iarrtar ar dhaoine atá ag dul bheith i dteagmháil le Mícheál Cholm ar 0868845476 roimh ré.

### *Fógraí Pobail*

***Más mian leat poiblíocht a dhéanamh ar ócáid pobail déan teagmháil le goitsenuacht@gmail.com***




# Todhchaí Chomórtas Peile na Gaeltachta

**Aodh Máirtín Ó Fearraigh**
*Rúnaí Bhord Chontae Dhún na nGall, Cumann Lúthchleas Gael*

Tá fás agus forbairt tagtha ar Chomórtas Peile na Gaeltachta le 42 bliain, ó cuireadh tús leis an chomórtas sa bhliain 1969. Le blianta, chothaigh an comórtas ceangal agus nasc idir na Gaeltachtaí éagsúla, ag leibhéal condae agus ag leibhéal náisiúnta. Cothaíodh go leor cairdis de bharr an chomórtais agus seans gur go raibh corr chleamhnas mar thoradh air chomh maith.

Tá an comórtas náisiunta ag leibheál sinsear buaite ag foirne as Tír Chonail ceithre huaire déag, agus ag Gaoth Dobhair ocht n-uaire.

Cuireann sé go mór leis an chomórtas go bhfuil foirne peile as Beál Feirste, Laochra Loch Laoi, agus as Baile Átha Cliath, Na Gaeil Óga, páirteach sa chomórtas anois.

Ba cinneadh ciallmhar go mbeidh sealaíocht ag na réigiúin leis an chomórtas a reachtáil ón bhliain 2012 ar aghaidh, seachas an comórtas a bheith sa Chúige chéanna dhá bhliain as a chéile.

Tá sár obair déanta ag oifigigh fhóchumann Chloich Cheann Fhaola le comórtas na bliana seo a reachtáil. Tá forbairtí móra déanta ar Pháirc Naomh Fionnáin agus ar na háiseanna ar fad, le freastal ar na sluaite a bheas ansin don chomórtas náisiúnta.

Sílim corruair go bhfuil dearmad nó neamhaird á dhéanamh de bhun spriocanna agus aidhmeanna an chomórtais, agus cead a thabhairt do fhóchumainn nach fóchumainn Gaeltachta iad a bheith páirteach san chomórtas.



Ní buntáiste ar bith don chomórtas, don Ghaeltacht nó don Ghaeilge imreoirí agus oifigigh gan focal Gaeilge a bheith acu, a bheith páirteach i gComórtas Peile na Gaeltachta, agus tá sé thar am deireadh a chur leis an chur i gcéill seo.

Ba cheart go mbeadh fáilte roimh fhoirne Gaelacha ó aon bhaile mór nó ó aon chathair sa tír, a mbeadh cumas Gaeilge ar a dtoil acu, le bheith páirteach sa chomórtas seo.

Tá todhchaí na teanga sna bailte móra agus sna cathracha feasta, agus b'fhéidir gur ansin fosta atá todhchaí Chomórtas Peile na Gaeltachta?

Goitse
*Aimsigh do sprioc le Goitse*
*Glac fógra le do nuachtán áitiúil*
*Rátaí fógraíochta an-réasúnta ar fáil ach teagmháil a dhéanamh linn ag goitsenuacht@gmail.com*

## Comórtas Peile na Gaeltachta Cloch Cheannfhaola 2011



*Páirc an Fháil Charraigh, ionad imeartha Chomórtas Peile na Gaeltachta 2011*

# Saibhreas Spóirt ag na Croisbhealaigh

Beidh na foirne ag teacht as gach carn den tír go Cloch Cheannfhaola fá choinne Comórtas Peile na Gaeltachta an deireadh seachtaine agus beidh fáilte mhór rompu agus roimh lucht tacaíochta na gclubanna éagsúla.

Don chéad uair, beidh foireann Gaeilgeoirí as Baile Átha Cliath páirteach sa Chomórtas agus beidh fáilte ar leith rompu sin, agus roimh Laochra Loch Lao as Béal Feirste.

Is comhartha é an dá fhoireann sin a bheith páirteach sa Chomórtas go bhfuil borradh agus fás i bpobal na Gaeilge, fiú má tá meath ar an teanga ins an Ghaeltacht féin.

Ach ní féile teangan atá i gComórtas Peile na Gaeltachta; is féile spóirt é agus beidh gach imreoir ag suil le corn a thabhairt abhaile leo i ndiaidh dheireadh na seachtaine.

Ar ndóigh, ní féidir ach le club amháin an chraobh a bhaint agus sa chomórtas sinsir, beidh súile mhuintir na contae so ar Chloch Cheannfhaola agus Gleann tSúilí.

Níl amhras ar bith faoi go mbíonn buntáiste ag an fhoireann ata ag imirt sa bhaile ach beidh sé deacair ag Cloch Cheannfhaola má tá siad in éadan An Ghaeltacht, ceann de na clubanna is mó agus is éifeachtaí i gCiarraí.

Ach caithfidh An Ghaeltacht an bhua a fháil ar an Rinn sa réamhbhabhta Dé Sathairn agus beidh turas fada déanta ag an dá fhoireann an lá roimhe. Beidh cluiche suimiúil fosta idir Gleann tSúilí agus Maigh Cuilinn tráthnóna Dé Sathairn mar bíonn na Connachtaigh i gcónaí láidir sna comórtaisí seo.

Sa Chraobh Sóisirbeidh clubanna beaga ar nós Laochra Loch Lao, Na Gaeil Óga agus Móin Dearg as Londain san iomaíocht in éadan Chloch Cheannfhaola, Baile an Chaisil as Maigh Eo agus Clann na nGael as Contae na Mí.

Tá sé deacair tairngireacht ar bith a dhéanamh ar na cluichí seo cionn is nach mbíonn an t-eolas céanna againn ar chlubanna as Cúige Mumhan nó Baile Átha Cliath agus atá againn ar chlubanna as ár gcontae féin ach bíonn na cluichí taitneamhach i dtólamh.

Cibé dóigh a théann sé ar an pháirc imeartha, tá súil ag foireann *Goitse* go mbíonn an aimsir go maith agus go mbíonn am ar dóigh ag na foirne agus a lucht tacaíochta uilig.




## CARTÚN Scadán Caoch



# Comórtas Peile na Gaeltachta Cloch Cheannfhaola 2011

## Naomh Muire

Bunaíodh Fó Chumann Naomh Mhuire sa bhliain 1980 agus de thairbhe sin tá muid ar cheann de na clubanna is óige sa chondae.

Tá muid lonnaithe in íochtar na Rosann, i bparóistí Anagaire agus Ceann Caslach, i gcroí na Gaeltachta. Imríonn muid ár gcluichí ar na Méilte i Mullach Dearg agus caitheann muid glas agus bán mar dhathanna.

San am i lathair, tá muid ag imirt i roinn 3 den tsraith agus sa chraobh idir-mheánach, ach sé an mian atá againn ná go dtiocfadh athrú air sin sna blianta beaga amach romhainn. Ar thaobh amháin dúinn tá Gaoth Dobhair agus ar an taobh eile tá an Chlochán Liath. Is é Danny Ó Domhnaill, ó Rann na Feirsde, bainisteoir na foirne agus tá sé féin agus a fhoir-eann tacaíochta ag déanamh obair mhór. Tá ballraíocht 400 againn agus an mhór-chuid acu sin ina mbaill óga. Tá Bord na nÓg, faoi stiúir Gary Ó Baoill agus Déaglán Ó Máirtín, iontach gníomhach agus díograiseach ag forbairt ár n-imreoirí óga agus ag leagan dúshraith láidir fá choinne an todhchaí.

Le cúpla bliain anuas, tá muid ag cuir foirne cailíní agus mná 'na páirce faoi stiúir Dhónal Ó Searcaigh agus tá ag éirí go hiontach maith leo. Anuas fríd na blianta, bhuaigh muid trí chraobh sóisir agus craobh idirmheánach amháin agus tá seal caite againn in achan roinn den tsraith.

Sa bhliain 2007, d'éirigh linn craobh na condae Pheil na Gaeltachta a bhaint don chéad uair agus uaidh sin bhain muid craobh na hÉireann i mBéal Átha an Ghaorthaidh agus is cinnte gur mhaith linn an rud céanna a dhéanamh i mbliana. Tá rud amhain cinnte - níl rud ar bith cosúil le deireadh seachtaine Pheil na Gaeltachta.





## Béal an Mhuirthead

Imríodh peil Ghaelach i gCeanntar Iorrais ó thus an chéid seo chaite. Níor chláraigh Béal an Mhuirthead leis an mBord Chontae go dtí 1936 agus chuir siad tús leis an gCraobh Shoisir. Ocht mbliaina ina dhiaidh sin i 1944 bhuaigh an chlub an chéad craobh Shoisir i gcoinne Muraisc.
Ghoill an imirce go mór ar cheantar Iorrais le linn na caogaidí agus go háirithe ar an bpeil. Bhí Comórtas Peile na Gaeltachta i mBéal an Mhuirthead anuraidh.



## Cloch Cheannfhaola

Caidé eile atá le rá faoi fho-Chumann Chloch Cheannfhaola nach bhfuil ráite míle uair roimhe? Níl le déanamh agat ach amharc thart ort féin agus tchífidh tú toradh na hoibre a rinne baill agus cairde an chlub seo leis na háiseanna a fheabhsú sa chlubtheach agus ar an pháirc imeartha. Léiríonn sé sin an caidreamh ag an chlub leis an phobal, bunchloch Chumann Lúthchleas Gael.
Mar a dúirt fear amháin ag an oíche eolais an mhí seo a chuaigh thart, is iomaí club a thiocfaidh go Cloch Cheannfhaola ach ní fhágfaidh ceann ar bith acu leis an Chorn. Tá sin ag fanacht i gCloch Cheannfhaola.



# Comórtas Peile na Gaeltachta Cloch Cheannfhaola 2011

## Dé hAoine 3 Meitheamh

**SÓISIR**
**Réamhbhabhta**

1 7.00in **Cloch Cheannfhaola** v **Naomh Muire** Páirc Naomh Fionáin

**IMEACHTAÍ SAN OLLPHUBALL**

| | |
|---|---|
| 8.00in | Daimhseoirí Wuigley |
| 8.30in | Oscailt Oifigiúil |
| 9.30in | Ceol Gaelach |
| 11.30in – 2.00rn | Stray |

## Dé Sathairn 4 Meitheamh

**SÓISIR**
**Cluichí Ceathrú Ceannais**

(A) 11.00rn **Na Gaeil Óga** (BÁC) v **Móid Dearg** (Londain)
Páirc Phobalscoil Chloch Cheannfhaola

(B) 11.00rn **Laochra Loch Lao** (Béal Feirste) v **An Seanphobal** (Port Láirge)

(C) 12.30in **An Fhairche** (Gaillimh) v **Baile an Chaisil** (Maigh Eo)
Páirc Phobalscoil Chloch Cheannfhaola

(D) 2.00in **Buaiteoir 1** v **Clann na nGael** (An Mhí)
Páirc Phobalscoil Chloch Cheannfhaola

**SINSIR**
**Réamhbhabhta**

1. 12.30in **An Ghaeltacht** (Ciarraí) v **An Rinn** (Port Láirge)

**Cluichí Ceathrú Ceannais**

(A) 2.00in **Béal an Mhuirthead** (Maigh Eo) v **Naomh Abán** (Corcaigh)

(B) 3.30in **Gleann tSúilí** v **Maigh Cuilinn** (Gaillimh)

(C) 7.00in **Acaill** (Maigh Eo) v **Buaiteoir 1**

(D) **Cloch Cheannfhaola**

**IMEACHTAÍ SAN OLLPHUBALL**

| | |
|---|---|
| 5in–5.30in | Daimhseoirí Nóra Kavanagh |
| 9in–11.30in | Céilí (Martin Duggan / Madge O'Grady) |
| 11.30in | Dioscó |

## Dé Domhnaigh 5 Meitheamh

**PEIL na mBAN**

12.00in An Tearmann v Laochra Loch Lao

**SÓISIR**
**Cluichí Leath-Cheannais**

2.00in A v B

3.30in C v D

**SINSEAR**
**Cluichí Leath-Cheannais**

6.00in A v Cloch Cheannfhaola

7.30in B v C

**IMEACHTAÍ SAN OLLPHUBALL**

| | |
|---|---|
| 2in–2.30in | Daimhseoirí Maureen Byrne |
| 4–6.00in | Ceol Tíre le Josie Cannon |
| 8.30in–11.30in | Copper Plate Céilí Band |
| 11.30in | Bronnadh "Cailín Gaelach" na Féile |
| 12.00in | Dioscó |




Más mian leat seaneagráin de Ghoitse a cheannacht déan teagmháil le **goitsenuacht@gmail.com**


**Costcutter**

**Ollmhargadh Mac Fhionnghaile**

Costcutter, An Fál Carrach. 074 9180711

**TAIRISCINTÍ SPEISIALTA**

| | |
|---|---|
| Cornetto 6 phacáiste | €2.00 |
| Fruice – úll nó oráiste 1 lítear | €0.79 |
| Ballygowan 6 phacáiste 1.5 lítear uisce | €3.99 |
| 400g Hellmanns mayonnaise | €1.25 |
| Fíon Garland | €5.99 |
| Fíon Negra Isla | €6.99 |
| Fíon Jacob's Creek | €6.99 |
| 2 lítear bainne | €1.29 |
| Arán bán Costcutter | €1.00 |
| 2 lítear Comfort | €2.00 |
| 6 phacáiste Hunky Dorys | €1.29 |
| Bloc uachtar reoite agus toirtín úll | €2.99 |
| 1.5kg Sceallóga Oighinn | €2.50 |
| 4 rolla leithris Kittensoft | €2.23 |
| Bosca clúidíní Pampers (jumbo) | €12.99 |
| 1 lítear Flash | €1.40 |
| Colgate Toothpaste | €1.00 |
| 1 lítear vodca Smirnoff | €19.99 |
| Pizza domhan Mhic Giolla Fhinnéin | €2.00 |
| Jacobs: brioscaí líomóide/rasberry puff | €0.99 |
| 500ml lucozade spórt pacáiste 4 | €2.99 |
| 6 phacáiste Guinness | €9.99 |
| 6 beoir Heineken | €10.00 |
| 6 beoir Coors | €10.00 |
| 20 beoir Budweiser | €15.00 |
| 20 beoir Miller | €15.00 |

**TUILLEADH TAIRISCINTÍ SA SIOPA**

Uaireanta Foscailte:
Luan go Domhnach 8.00rn - 9.00in

KELSIUS

Monatóireacht teochta bia read-ama de réir HACCP
do shiopaí agus do bhialainn

1850 53 53 53
www.kelsius.com
cales@kelsius.com

# Comórtas Peile na Gaeltachta — Cloch Cheannfhaola 2011

## Dé Luain 6 Meitheamh

CLUICHE FAOI 15 — Sciath Niall Uí Cheallaigh

| | |
|---|---|
| 12in | Gaoth Dobhair v Na Rosa |
| 2in | Cluiche Ceannais Sóisir |
| 4in | Cluiche Ceannais Sinsir |

PEIL na mBAN
Cluiche Ceannais Sóisir Dhún na nGall

| | |
|---|---|
| 6.00in | Cloch Cheannfhaola v Baile na nGallóglach |



Laochra Loch Lao ag Teach an Phiarsaigh, Ros Muc



Laochra Loch Lao

## Laochra Loch Lao

Tá stair shaibhir ag an Ghaeilge i mBéal Feirste. Tá an chéad phíosa scríbhneoireachta i nGaeilge bunaithe sa chathair seo. Thosaigh an athbheochan is déanaí breis is 50 bliain ó shin le bunú An Chumann Chluain Ard agus de réir a chéile bunaíodh an chéad Ghaeltacht uirbeach sa tír ar Bhóthar Seoighe agus amach uaidh sin bunaíodh Bunscoil Phobal Feirste. Tá an Ghaeilge ag dul ó neart ó shin agus sa lá atá inniu tá 11 Gaelscoil déag, Meánscoil lán-Ghaeilge amháin, páipéar nuachtáin laethúil, stáisiún Raidió srl… uilig lonnaithe in Iarthar Bhéal Feirste. Mar gheall air seo ar fad, tugadh stádas oifigiúil don cheantar mar Cheathrú Ghaeltachta. Tá oidhreacht shaibhir ag an Chumann Lúthchleas Gael in Iarthar Bhéal Feirste chomh maith, bhí an chéad dhá chumann a bunaíodh i mBéal Feirste ag feidhmiú go huile is go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Bunaíodh Laochra Loch Lao chun deis a thabhairt do lúthchleasaithe Iarthar Bhéal Feirste teacht le chéile agus an dá shuim is mó acu, an Pheil agus an Ghaeilge a chleachtadh agus a fhorbairt faoi aon scáth amháin. Tá muid thar a bheith bródúil as bheith mar ionadaí Bhéal Feirste sa chomórtas seo ó thosaigh muid ag glacadh páirte ann i mBéal Átha Ghaorthaidh in Iarthar Chorcaigh in 2007. Thapaigh muid an deis ó shin agus d'éirigh le cáilíní Ghaelacha s'againn, Róise Nic Corraidh agus Gránne Ní hÓláin comórtas an chailín Ghaelaigh a bhaint in 2009 agus 2010. Tá Gaeltacht láidir, bríomhar i mBéal Feirste agus ta lúchair orainn bheith i ndán seo a léiriú i measc Gaeltachtaí na tire.




# Comórtas Peile na Gaeltachta Cloch Cheannfhaola 2011



## An Ghaeltacht

Is é an réimse talún laistiar de bhaile An Daingin in Iarthar Duibhneach atá i gceist i CLG na Gaeltachta, agus a ceannhcheathrú, Páirc Caide Ghallarais, ar imeall Thrá na Muirí ar Chun Ard na Caithne.

Tá caid á imirt sa cheantar leis na cianta, agus foirne ag imirt fé bhrat na Gaeltachta ós na 1930daí. Bhuaigh an Cumann Craobh Sinsir Chiarraí i 2001 agus 2003. Bhain siad cluiche ceannais Uile-Éireann na gClub amach sa bhliain 2004.

Bhí imreoirí an chumainn, Páidí Ó Sé agus Dara Ó Cinnéide, ina gcaptaein ar fhoirne buacacha Chiarraí i gCraobhacha na hÉireann i 1985 agus 2004.

Tá imreoirí CLG na Gaeltachta ag glacadh páirt i gComórtas Peile na Gaeltachta ó cuireadh tús leis, ar dtús fé brat Chorca Dhuibhne agus le déanaí mar fhoireann leo féin tar éis dóibh craobh Idirmheánach an Chontae a bhuachaint i 1998.

Bhuaigh Corca Dhuibhne an comórtas Sinsir i 1972, 1974, 1977, 1995 agus 1996, agus bhuaigh An Ghaeltacht é i 1999.

Deirtear go raibh an chluiche a d'imir An Ghaeltacht agus Naomh Abán, Baile Bhúirne i rith comórtais na bliana 2005, a chuaigh go dtí dhá thréimhse am breise, ar cheann de na cluichí is fearr a imríodh riamh sa chomórtas.



## Baile an Chaisil

Chomh fada siar le 1892, bhí peil á imirt i mBaile an Chaisil. In 1898 chuaigh foireann siar chuig Beál Deirg, an chuid den pharóiste atá taobh istigh den Ghaeltacht chun cluiche a imirt. Tugadh "the 98's" ar an fhoireann sin.

I 1916 bhain Baile an Chaisil craobh sóisir an chontae, rud nár éirigh leo a dhéanamh ó shin. Is sna tríochaidí a tháinig an cumann chun cinn. Bhain siad craobh idirmhéanach i 1935 agus bhuaigh siad an craobh sinsir i 1936, 1937 agus 1939 agus bhí lead óg ar an fhoireann i 1939 dárbh ainm Tom Langan, fear a roghnaíodh ar fhoireann na mílaoise agus a bhuaidh craobh na hEireann le Maigh Eo i 1950 agus 1951.

Ní raibh a ndóthain imreoirí le haghaidh foireann i rith na seascaidí ach bunaíodh an cumann arís i 1970. De bharr ráth contae an Dúin ag deireadh na seascaidí beartaíodh ar dathanna dearg agus dubh a chaitheamh.

Bhain Baile an Chaisil trí chraobh sóisir Thuaisceart Mhaigh Eo i 1981,1993 agus 2002 ach theip orthu i gcraobh an chontae sna blianta sin.

Is é seo an ceathrú bliain don chumainn glacadh páirt a ghlacadh i gComórtas Peile na Gaeltachta agus an tríú bliain as a chéile craobh Mhaigh Eo a bhaint.

## Maigh Cuilinn



Bunaiodh Cumann Peile Mhaigh Cuilinn sa bhliain 1912 agus is mór an spéis atá ag muintir na háite i gcúrsaí peile ó shin. Tá Cumann Peile Mhaigh Cuilinn páirteach i gChomortas Peile na Gaeltachta le níos mó ná dhá scór bliain. Is sa bliain 1971 a ghlac peileadóirí Mhaigh Cuilinn páirt sa chomórtas don chéad uair. D'éirigh go hiontach leo agus thug siad Craobh na Gaillimhe agus Craobh Náisiúnta Chomórtas Peile na Gaeltachta leo. Aisteach go leor , níor éirigh leo aon chraobh sinsearach a bhaint ó shin, cé go raibh foirne breátha acu. Cé go bhfuil na blianta ag sleamhnú leo bíonn siad ag caint go fóill faoi bhua mhór ó dheas i mBaile Bhúirne.

Ar an la stairiúil sin bronnadh corn an Chomórtais ar chaptaen na foirne Pádraig Mac Fhlannchadha (nach maireann). Ar ócáid stairiúil eile is é a mhac Gearóid a bhí mar chaptaen ar fhoireann peile Mhaigh Cuilinn nuair a bhuaigh siad Comórtas Idirmheánach na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh i Mí Feabhra 2008.

# Comórtas Peile na Gaeltachta Cloch Cheannfhaola 2011



## Rinn Ó gCuanach

Sa bhliain 1890 a bunaíodh CLG na Rinne agus cur chun cinn na gcluichí Gaelacha, na teanga Gaeilge, agus an chultúir Ghaelaigh i measc óg agus aosta i bParóiste na Rinne mar sprioc againn ó shin. Tá dúil faoi leith ag an gcumann i mbabhtaí ceannais Chomórtas Peile na Gaeltachta agus sinn ag freastal orthu nach mór gach bliain le tamall maith de bhlianta anois. Bhí sé de phribhléid againn na babhtaí ceannais den Chomórtas a eagrú faoi dhó i 1984 agus i 1999 agus táimid ag súil go mór leis na mórtha fáilte a chur roimh chairde an Chomórtas go Páirc Uí Shíothcháin arís i 2013. Tháinig deireadh le gorta fada sa bhliain 2008 nuair a bhuamar corn sóisear Chomórtas Peile don chéad bhabhta agus is sa ghrád sinsear atáimid ag iomaíocht ó shin.

Sa ghrád sinsear agus sóisear a imríonn peileadóirí an chumainn i bPort Láirge agus sa ghrá idirmheánach agus sóisear a bhíonn na hiománaithe. Comhfhoireann lenár gcomharsana sa tSean Phobal a bhíonn i gceist leis na foirne faoi aois. Imríonn Liam Ó Lonáin le foireann shinsear peile Phort Láirge agus bhí sé de ghradam ag an gcumann Réa Ó Ceallaigh a bheith ina chaptaen ar pheileadóirí faoi 18 an chontae i mbliana agus Lorcán Ó Corraoin agus Odhrán Ó hUallacháin leis ar an bpainéal chomh maith. Tá Dónal Breathnach ag imirt leis na hiománaithe faoi 18.

## Na Gaeil Óga



Thosaigh Ciarán Mac Fheargusa ag smaoineamh ar chumann CLG lánGhaeilge a bhunú sa bhliain 2010. Scaip sé ceistneoir ina thaobh agus fuair an-chuid freagaí dearfacha. Tháinig sé féin agus grúpaí éagsúla le chéile, mic léinn as Coláiste na hOllscoile BÁC - Cathal Mac Dhaibhéid, Eoghan Ó Murchadha, agus Cormac Breathnach chomh maith le seanfhondúir Ciarán Ó Finneadha, fear a raibh lámh aige i gClub lánGhaeilge a bhíodh lonnaithe i mBÁC cheana ach ar tháinig deireadh leis. D'fhreastal scata beag acu ar an gcéad chruinniú áit a raibh Daithí De Buitléir, fear a chur an cumann chun cinn go mó trí dhul i bhfeidhm mar chathaoirlach ar an gclub.

Tosaíodh ar thraenáil theoranta le buíon bheag i bPáirc an Fhionnuisce ag deireadh na bliana 2010. Smaoiníodh ar ainmeacha éagsúla - Na Gaeil Óga, Clann Baoiscne (a bhí mar ainm sealadach ar feadh scaithimh) agus Gaeil Dhuibhlinne. D'éirigh leis an gCumann aitheantas a bhaint amach go luath sa bhliain 2011 agus thosaigh siad ar thraenáil níos mó a bhí ar siúl ag an am seo in Ionad Fóillíochta Bhaile Formaid. Dhear Cathal Mac Dhaibhéid na geansaithe, ghlac Ciarán ó F ról mar bhainisteoir agus Ciaran Mac F mar urlabhraí. Tháinig Marcus Ó Léanacháin mar thraenálaí. D'éirigh leis an gcumann breis is 60 a chlárú. Chuir an cumann isteach ar Chomórtas Peile na G. agus d'éirigh lena n-iarratas. Thosaigh an Cumann ag imirt i sraith a deich sóisear (as 11 sraith) i mBÁC. Go dtí seo tá dhá chluiche buaite acu (thar na Gardaí agus Gaeil na Life) agus dhá chomhscór. Tá ~2/3 de bhaill an chumainn ian jeaicíní agus is as gach cearn an chuid eile, na gaeltachtaí móra ar fad ina measc. Tá pleananna fadteármacha ag an gcumann foirne faoi aois, do mhna agus iomana a chur chun páirce, is féidir teagmháil a dheánamh leis an gcumann ag cumannclg@gmail.com nó dul ar facebook.com Na Gaeil Óga.



## An Fháirche

Tá Cumann Naomh Pádraig suite i gceantar Dúiche Sheoigheach.

Bunaíodh an Cumann ag dtús na gcaogaidí agus d'éirigh leo craobh sóisear Gaillimh Thiar a bhuachaint sna blianta 1959 agus 1962. Sa bhliain 1956, tháinig imreoirí ón Chlochán ag imirt leis an Cumann agus d'éirigh leo Comórtas Shraith Sinsearach na Gaillimhe a bhuachaint.

D'éirigh leis an Chumann an grad sinsir a bhaint amach i 1977 taréis an Craobh agus an Sraith Sóisear an Chontae a bhuachaint. Bhua an Cumann an Sraith sinsir an Chontae i 1979 agus 1985. I 1983 chaill an fhoireann sinsir cluiche Ceannais an Chondae in aghaidh an Dúin Mhóir. Bhuaigh an Cumann an Sraith agus Craobh Idirmheánach an Chontae i 1989 agus 1994

I 2009 chaill an Cumann stádas idirmheánach agus tá muid ag imirt i ngrád sóisir i láthair na huaire

Tá dlúthbhaint ag Cumann Naomh Pádraig le Comórtas Peile na Gaeltachta agus d'éirigh linn an chéad chomórtas i ngrád soisear i 1977 a bhaint amach i Corca Dhubhne agus bhí muid mar thánaistí sinsir cúig uaire. Reachtáil muid an Comórtas Náisiúnta faoi dhó – 1980 agus 1995

# Comórtas Peile agus na Meáin

Beidh Raidió na Gaeltachta ag craoladh 25 uair le linn an Chomórtais

Beidh ródaí RTE RnaG ag Páirc Naomh Fionáin don deireadh seachtaine. Beidh foireann spóirt RnaG ag craoladh beo ar 14 cluiche thar 3 lá. Micheal Mac Donnchadha agus Séan Bán Breathnach a bhéas ag láithriú na gcláracha agus beidh tráchtaireacht ó Shéan Ban Breathnach, Ciarán O Fathartha, Antoine O Conghaile, Gearóidín Nic an Iomaire agus Séamus Mac Géidigh

***Dé hAoine 3 Meitheamh***

**Barrscéalta** ón Ródaí ó Pháirc Naomh Fionáin. Caint le baill agus iar-bhaill an fhochumann agus ag cur síos ar an deireadh seachtaine **Ronanbeo@3** on tSean Bheairic ar an Phriomh-shráid, ceol craic agus damhsa le bunadh an cheantair agus na cuairteoirí a bheas sa cheantar don deireadh seachtaine.

***Dé Sathairn 4 Meitheamh***

Craoaldh ag toiseacht ar 11.00- 9.00, Cas Ceirnin on ródaí 5.05- 6.00. Nuacht 6.00- 6.30

***Dé Domhnaigh 5 Meitheamh***

Aifreann beo ó Theach Pobail Chríost Rí Gort a' Choirce, Cóir Chloch Cheannfhaola, (cóir Ghort a'Choirce agus cóir Naomh Fionáin) ag teacht le chéile don Chomórtas. Craoladh Spórt ag toiseacht ar 1.30 – 5.45, **Na cluichi leath-cheannais Sóisir**. 6.00- 9.00 **Na cluichí leath-cheannais Sinsir**.

***Luan***

**Barrscéalta** á chraoaldh ón Ródaí ar 11.00. Craoladh 1.30 - 6.00 **Na cluchí ceananis Sóisir agus Sinsir**

**TG4**

***Dé Domhnaigh 5 Meitheamh***

5:30pm **Comórtas Peile na Gaeltachta Beo**
Craoladh beo ar chluichí leathcheannais sinsir Comórtas Peile na Gaeltachta ó Pháirc Naomh Fionnán ar an bhFál Carrach á reáchtáil ag CLG Chloich Cheann Fhaola.

Á chur i láthair ag Mícheál Ó Domhnaill le tráchtaireacht ó Mhac Dara Mac Donncha agus Aonghus Ó hEochaidh.

Beidh neart eolas, cluichí, agallaimh ar TG4 chomh maith le buaicphointí ó na cluichí leathcheannais sóisir agus an nuacht is déanaí ón Chomórtas Peile.


***Dé Luain 6 Meitheamh***

1:30pm **Comórtas Peile na Gaeltachta Beo**
Craoladh beo ar chluichí ceannais sinsir agus sóisir Chomórtas Peile na Gaeltachta ó Pháirc Naomh Fionáin ar an Fhál Carrach á reáchtáil ag CLG Chloich Cheann Fhaola. A chur i láthair ag Micheál Ó Domhnaill le tráchtaireacht ó Bhrian Tyers agus Aonghus Ó hEochaidh.



*Micheál Ó Domhnaill*

Beidh Finín Mac A Bháird (ón Teileann) ag déanamh anailíse ar chluichí an Chomórtais. Beidh na cluíchí ar an Domhnach agus ar an Luan á gcraoladh beo ar fud an domhain ar www.tg4.tv.





*Róise Nic Corraidh, a bhain Cailín Gaelach 2010 ag Béal an Mhuirthead. Le linn Chomórtas Peile na Gaeltachta, roghnaítear an Cailín Gaelach. Cuireann gach club cailín chun tosaigh agus roghnófar bean amháin acu mar Cailín Gaelach 2011. Bronnfar an gradam ar an bhuaiteoir san ollphuball oíche Dhomhnaigh ag 11.30in.*

# Cén smál seo ar Éirinn?

*' Tá smúit ag titim ón spéir ann, is a chuid uisce go léir ag trá,*
*Níl coll, níl cuileann, níl caor ann…'*

Sin a deir file Chill Chais, más buan mo chuimhne, agus leoga (mar a déarfadh fear Thír Chonaill is dócha), mura bhfuil an t-uisce go léir tráite fós ná baol air, níl coll ná cuileann ná caor nach bhfuil smúit nó smál ar na duilleoga acu tar éis Oíche úd na Gaoithe Móire an tseachtain seo caite.

"Cén smál atá ar Éirinn?" a dúirt sean-Phádraic Ó Conaire le linn "Chogadh na gCarad", nuair a leagadh a chara, Micheál Ó Coileáin. Cinnte, ní haon chogadh é seo agus níor leagadh aon duine fós ach nach sílfeá mar sin féin go gcuirfeadh duine éigin an cheist chéanna, ar na páipéir nuachta, ar an teilifís: cén smál seo ar Éirinn? An fómhar ar fáil cheana is gan an samhradh ach ina thús!"

Is sliocht í seo a bhreac mo chomharsa síos i ndiaidh na stoirme a d'fhág crainn agus plandaí na háite dubh dóite ar an tríú lá fichid de mhí na Bealtaine i mbliana. I ndiaidh na rudaí deasa a dúirt Obama agus Banríon Sasain fúinn, thug an gaoth sáile ar ais go talamh muid. Shílfeá go raibh Dia féin ag cur scéala chugainn: Éistígí a stócaigh — tá béal bán agus plámás deas binn, ach caithfidh sibh aghaidh a thabhairt anois ar an fhírinne gharbh, mar a thug Seosamh Mac Grianna uirthi.

Tá cuid den fhírinne gharbh seo ag éirí níos soiléire dúinn in aghaidh an lae : ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Níl muid neamhspleách. Tá muid ag brath ar thíortha eile, ar ár gcomharsain, ar na glúinte a chuaigh romhainn, ar an nádúr, ar an rialtas (Dia ár sábháil), ar Dhia féin, agus ar an IMF.

Agus má leanann muid ar aghaidh ag bánú an domhain agus ag cur amú bí agus ábhair luachmhara eile — neamhairdeallach ar an dochar atá á dhéanamh do thíortha bochta agus don timpeallacht ag dóigh maireachtála s'againn — níl aon cheacht foghlamtha.



## An Naoscach

*le Nóra Chit*

> *"Ní hé Sasana an namhaid níos mó ach na margaidh atá ag rialú saoil s'againn agus iad sásta tíortha agus timpeallacht a scrios ar mhaithe le brabús."*

Cuireann muid milleán ar lucht na mbanc. Níl iontu ach comhartha; tá an iomarcacht agus an cur-amú mar bhun-phrionsabail d'ár sochaí. Ceannaigh níos mó stuif nach bhfuil de dhíth, ansin caith amach é agus ceannaigh tuilleadh. Ith nios mó bí, ól níos mó dí ná mar atá de dhíth — nuair atá do shláinte curtha amú, caith níos mó airgid ar leigheasanna agus ar dhochtúirí. Ceannaigh carr níos mó, teach níos mó, athraigh do chuid éadaigh achan bhliain —tá sé tuillte agat mar a deir fógra L'Oréal.

B'fhéidir nach maith linn seo, ach glacann muid leis.

Sampla beag amháin: i ndiaidh ár gcuid siopadóireachta a dhéanamh, bíonn orainn fáil réitithe den moll mór pacáistiú plaisteach a bhíonn thart ar achan rud.

Tá cúpla rogha againn

(a) tré athchúrsáil: muidne a chaitheas íoc as seo (níl a fhios agam beo caidé a dhéanann Repak leis an airgead a fhaigheann siad ó na ollmhargaidh le déileáil leis an truailliú ón phacáistiú seo, ach cinnte ní chuireann siad seirbhís cheart athchúrsála ar fáil) agus ní dhéantar é a athchúrsáil sa tír seo: rachaidh sé thar lear ar chostas mór don timpeallacht.

(b) é sin nó dóitear é — rud a thruaillíonn an t-aer, an talamh, agus corp an duine.

(c) nó caitear sa díog nó ar an trá é. Mairfidh sé na céadta bliain mar leacht cuimhneacháin dár n-aois truaillithe.

Níl an pacaistiú seo de dhíth orainn: clár plaisteach faoi achan ghiota éisc nó feola, faoi chúpla glasra nó torthaí, agus clúdach plaisteach thart air sin arís. Tá sé de dhiobháil ar na hollmhargaidh lena mbarcód a chur ar achan ní, agus ar lucht déantúis lena gcuid táirgí a dhéanamh níos feiceálaí le muid a spreagadh le níos mó a cheannach. Tá siad lán tsásta an ola as a déantar an plaisteach a chur amú - ábhar atá gann agus luachmhar.

Agus ní freagra ar bith athchúrsáil; níor chóir don phacaistiú a bheith ann ar an chéad dul síos.

Roimhe seo tháinig úlla i mboscaí, pinn agus pinn luaidhe gan pacáistiú ar bith agus mar sin de. Ní hé Sasana an namhaid níos mó ach na margaidh atá ag rialú saoil s'againn agus iad sásta tíortha agus timpeallacht a scrios ar mhaithe le brabús.

Má sheasann muid suas agus má dhiúltaíonn muid glacadh leis an phacáistiú iomarcach, beidh an chéad chéim glactha againn le smacht a fháil ar ár saol.

VIVE L'IRLANDE LIBRE!



*Ceannchait ar cuairt sa Chrannóg*

## Crann Órga

**Tá an Chrannóg ann, tá an Crann Óg ann, agus anois tá an Crann Órga ann. Is struchtúr é a thugann deis do dhaoine atá i ndiaidh éirí as obair teacht le chéile achan tráthnóna Déardaoin sa Chrannóg i nGaoth Dobhair le imeachtaí éagsúla a eagrú. Bíonn ranganna ióga, scannáin bodhláil, turasanna cultúrtha, cainteanna agus rl ar siúl acu.**

**Le gairid tháinig Martin Maloney as Páirc Ghleann Bheatha le labhairt fá éanacha seilge. Rinne sé an pointe fá na hIolair Órga, nach maraíonn siad uain - bhéadh siad ró-mhór daofa le hiompar ar shiúl - ach d'íosfadh siad uan nó caora marbh dá mbeadh siad ina luí thart, agus má fheiceann daoine seo, síleann siad gurb amhlaidh a mharaigh siad iad.**

**Bhí spéaróg, ceannchait agus scréachóg reilige leis - triúr atá dúchasach don tír seo.**

**Bhí cead ag daoine abhí í láthair iad a láimhseáil. Bhain Seosamh Ó Duibhir, cathaoirleach an Chrainn Órga, an-sult as seo, agus bhí Nóra Ní Dhuibhir ag siúl thart le ceannchait ar a cloigeann agus a deirfiúr Máire le ceann ar a láimh.**



# Blag na mBuataisí

***Tráchtanna Bríd na mBuataisí ar shoineann agus doineann na feirme i mblag na míosa seo***

Le tamall fada bhí aimsir ar dóigh againn, bhí an ghrian ag soilsiú agus ní raibh fearthainn le feiceáil. Ach anseo ar an fheirm d'éirigh rudaí iontach tirim, bhí an talamh iontach crua agus cé go raibh seo maith do na hainmhithe — ní raibh clábar ar bith sna páirceanna — bhí sé iontach deacair síolta a chur taobh amuigh. Mar sin rinne muid cinnte go raibh go leor aoileach ar an talamh agus é measctha tríd an chré go maith.

Nuair a bhí sin déanta agus é briste síos go maith bhí muid ábalta ár gcuid plandaí agus síolta a chur. Thosaigh muid ag fás léir de na plandaí sa tollán plaisteach agus thug sin tús maith dóibh. Mar sin bhí na plandaí breá láidir i ndiaidh mí nó mar sin chun plandáil amuigh. Ach ar an drochuair ansin tháinig an stoirm.

Agus stoirm iontach garbh, amach is amach a bhí ann. Scriosadh cuid mhaith de na plandaí a bhí curtha taobh amuigh againn. Dóigheadh an chuid is mó dé na crainn ar thaobh amháin leis an ghaoth láidir a bhí ag séideamh. Chaill muid na cúirséid, mearógaí agus na puimpcíní uilig a bhí curtha taobh amuigh. Agus le coicís anois níl fás ar bith ann.

Bhí an teocht aréir íseal go maith, seacht gcéim; tá na séas-úir agus an aimsir measctha suas go maith.

Tá trua agam do na hainmhithe fiáine, go háirithe na héin agus mar sin ba chóir dúinn uilig bia a fhágáil amuigh dóibh ar feadh tamaill eile.

Is cosúil go ndearna an stoirm dochar thart ar an cheantair uilig. Bhí mé ag caint le cara atá ina chónaí sna Rosa agus chaill seisean tollán s'aige, ceann caoga méadar ar fhad, chaill sé na crainn torthaí uilig a bhí curtha aige, níos mó ná daichead acu.

Tá an ait scriosta go maith. Mar sin, cosúil lena léir rudaí sa tsaol seo, bíonn i gcónaí daoine in áit níos measa ná tú féin.

Buíochas leis na déithe go raibh léir glasraí curtha in áit faoi fhoscadh taobh amuigh. Fá láthair tá cabáiste, oinniún, gairleog, prátaí, raidisí, tornapaí, cairéid, piseanna, pónairí, mionspionáiste agus cál curtha again agus cé nach bhfuil mórán fás ann leis an aimsir tá siad beo! Tá luibhghort s'againn ag déanamh go maith agus bainim úsáid as léir de na luibheanna nuair a bhím ag cócaireacht. Istigh sa tollán tá trátaí, cúcumar, cillí, cúirséid, piobair agus léir, léir duilleoga sailéid. Má fhásann gach rud atá curtha againn beidh muid ar dhroim na muice.

Agus ag caint ar mhuca, bhí seachtar banbh ag Róise, muc den déanamh Tamworth coicís ó shin. De gnáth bheadh an cráin istigh sna stablaí chun breith ach an t-am seo shochraigh muid chun Roise a fhágáil amuigh sa phairc mar tá teach breá mór aicí atá lán de chochán. Chuaigh gach rud go breá agus is cosúil go mbíonn an cráin agus na banbha níos sásta agus níos folláine taobh amuigh.

Ach leis an teaghlach úr seo, fágann sin chóir a bheith scór muca ar an fheirm agus mar sin caithfidh muid gearradh siar. Tháinig méadú millteanach ar luath mhin na n-anmhithe, go háirithe min na muice, le tamall agus níl muid ábalta coinneáil leis an méid muca atá againn. Is trua é ach caithfidh muid leath acu a dhíol. Is cosúil go bhfuil an fhadhb seo ag a léir feirmeoirí tríd an tír mar ag amharc ar fhóram idirlín a bhíonn dírithe ar an fheirmeoireacht tá na gearán céanna ag an chuid is mó de na feirmeoirí.

Ach cúpla seachtain i ndiaidh an píosa sin a scríobh bhí an t-ádh orainn mar bhí muid ábalta níos mó na deichniúr de na muca a dhíol, agus beidh cúigear eile réidh le himeacht nuair a bhíonn siad mór go leor. Fágann seo go bhfuil níos lú brú orainn ó thaobh bia de.

Tá muid ag déanamh go maith leis na gabhair. Fá láthair tá mé ag blí ceathrar acu maid-in agus oíche, bím cineál ceangailte leis seo ach bhí a fhios agam seo sular thosaigh mé ar an chraic seo. Rinne mé cúrsa lae ar dhéanamh cáis i Contae an Chabhán an mhí seo caite thuas le Silke Cropp, an bhean a dhéanann Corleggy Cheese. Cé go bhfuil mé ábalta cáis a dhéanamh, thug an chúrsa seo níos mó muinín domh leanstan ar aghaidh. Mar sin tá mé ag déanamh cáis bhog, agus cáis chrua agus iógart gach seachtain. Bíonn an cháis bhog réidh le hithe i ndiaidh lá amháin ach caithfidh mé fanacht ar a laghad dhá mhí sula mbíonn seans agam an cháis chrua a bhlaiseadh. Ach tá an tiógart iontach furast a dhéanamh.

## Iógart Baile

*Seo oideas chun iógart simplí a dhéanamh sa bhaile, agus níl feidhm ort do chuid ainmhithe féin a bheith agat chun an bainne a fháil, thig bainne as an tsiopa a úsáid.*

**Pionta bainne lán saille** *(full fat)*
**Pota beag iógart nádúrtha beo** — *má tá tú ag úsáid bainne bó caithfidh tú iógart bó a úsáid agus má tá tú ag úsáid bainne gabhar caithfidh tú iógart gabhar a úsáid, ach mar nach bhfuil mórán saille i mbainne gabhair ní bheidh an tiógart chomh tiubh.*

Téigh an bainne go dtí 42ºC, muna bhfuil teirmiméadar déirí agat seo an teocht ina bhfuil tú ábalta do mhéar (ghlan) a choinneáil istigh sa bhainne ar feadh deich soicind gan é a bheith ró-the. Ansin buail isteach dhá spúnóg tae den iógart nádúrtha beo. Doirt an bainne isteach i bhfleasc a bhí scallta go maith le huisce te, cuir an clúdach air agus fág thar oíche é agus ar maidin beidh do chuid iógart féin agat, thig leat do rogha féin de bhlasanna a chur tríd, sú talún, mil, cnónna srl ach sula gcuireann tú a dhath tríd coinnigh cúpla spúnóg den iógart seo siar chun an chéad phionta eile a dhéanamh.



# Aiteann

*Ulex europaeus*

Bhí muid idir dhá thine Bhealtaine le gairid (ar an laghad), agus tá cuid mhaith den cheantar fágtha dubh dóite tar éis an scrios.

Is iad fraoch (*Calluna vulgaris, Erica spp.)* agus aiteann (*Ulex europaeus*) na príomh ábhar brosna sna tinte caoráin.

Tá aiteann ar cheann de na plandaí is inlasta sa tír. Ach ní miste leis an tom seo ma tá sé loiscthe go talamh, mar thig leis áthfhás ó na fréamhacha. Agus bíonn deis ag na síolta tús a chur le fás gan mórán iomaíocht; lena chois sin tá an luaith ina leas acu.

San am a chuaigh thart, bhí tionscal mór sa tír seo ag plé le adhmad aitinne mar ábhar tine siocar go ndóigheann sé le teas ard agus ní bhíonn mórán luaithe fágtha. Dá bhrí sin bhí sé in úsáid sna oighinn báicéireachta agus tine aoil, mar shampla.

Tá aiteann sa fine Fabaceae nó Leguminosae mar a bhíodh air. Is seo ceann de na grúpaí plandaí is mó le beagnach 20,000 speicis agus tá baill le fáil ar fud na cruinne. Tá an grúpa úd iontach tábhachtach don chine daonna mar bhia; pis *Pisum sativum*, pónairí *Phaseolus vulgaris*, *Vicia faba*, lintile *Lens culinaris*, soighe *Glycine max*, cnó talún *Arachis hypogea* agus eile; agus mar chuid do stoc; seamair *Trifolium spp*., meidic na mbó *Medicago sativa*, crúibín cait *Melilotus spp*. agus peasair *Vicia spp*. Agus ba gnáth aiteann a thabhairt do na hainmhí fosta, ach é a bhriseadh tré buaileadh roimhe, de bharr na spíonlach. Tá líon ard próitéin sna plandaí seo uilig. Chomh maith le seo tá tréith ar leith ag an Fabaceae: bíonn gaol simbeoisach acu le baictéir *Rhizobium spp*. atá ábalta nítrigin atmasféarach a iompú go amóinia, form atá inghlactha ag plandaí. Is de bhrí seo atá aiteann in ann maireachtáil ar thalamh bocht.

Tá seacht speicis d'aiteann ann. Tá said dúchasach do mhór-roinn na hEorap, go háirithe sa deisceart. Tá dhá speicis dúchasach don tír seo- *Ulex europaeus* (ar fud na tíre) agus *Ulex gallii* (deisceart, oirthear), agus tá *Ulex minor* ag fás go nádúrtha in áiteacha tar éis bheith tugtha isteach.

Ceann de na gnéithe is aitheanta ag an aiteann iad na dealga. Is duilleoga mion-athraithe na spíonta seo. Tar éis ginidiú, nuair a thagann planda óg ón síol, bíonn an chéad dhá phéire dhéag de dhuilleoigín trídhuilleach, cosúil le seamróg agus mórchuid den Fabaceae. Ach ina dhiaidh sin bíonn said laghdaithe go clipí beaga nó iompaithe go spíonta géara.

Tá na bláthanna síoga-morfach, sé sin go bhfuil déantas déthaobhach, comh-chruthach orthu. Is comhartha seo go bhfuil speisialtóireacht i gceist ó thaobh phailniú.

Tá an aiteann ag brath ar na beacha *Apis spp*. agus bumbóga *Bombus spp*. chun an pailín a spré ó bhláth go bláth. Tá dath buí na mbláth an fheiceálach do na beacha agus tá said meallta ag an bholadh deas milis. Nuair a thuirlingíonn beach ar bhláth aitinne ag lorg neachtar (nach bhfuil le fáil) cúisíonn a meáchan na staimíní a bhriseadh amach as faoi dhá phiotal a bhí ceangalte le chéile. Buaileann na staimíní an beach agus fágtear pailín ar an corp clúmhach. Cé nach bhfuil neachtar le gnóthú ag na beacha tá pailín tábhachtach mar chuid do na cruimheanna.

Tá an tortha ina léagúm, sé sin go bhfuil sé pónrach. Bíonn idir síol amháin agus sé cheann i ngach léagúm. Scoilteann an capsúl seo i dteas na gréine le réab agus thig leis na siolta bheith caite suas le deich dtroigh. Tá na síolta crua lonrach agus bíonn deis acu siúd bheith scaipthe níos faide ag seangáin. Is an elaiosóm (sprochaille ola) atá uathu. Tá seo greamaithe don síol agus tá cothú maith ann. Meastar go bhfuil na síolta iad féin nimhiúil.

Sa Nua Shéalainn chuir aiteann, chomh maith le sceach gheal *Crataegus monogyna* agus giolcach shléibhe *Cytisus scoparius*, bagairt ar na plandaí áitiúla tré ceantair a choilíniú, ó thugadh isteach sa tir iad.

**Conall Mac Conn Mire**



*Mícheál Sonaí, Beairtile Ó Domhnaill agus PJ Sonaí ag "gabháil fhoinn"Áine Nic Bhloisce agus Caitlín Joe Jack ag baint suilt as an oíche*

# Connachtaigh Chraiceáilte!

Bhí "Cén chaoi an bhfuil sibh" agus "ag gabháil fhoinn" le cluinstin i rith na hoíche i dTeach Hiúdaí Bhig oíche Shathairn seo a chuaigh thart nuair a bhí Beairtle Ó Domhnaill, PJ Sonaí, Micheál Sonaí, Eibhlín Sonaí, agus na Sonnaithe óga ar an ardán agus ag damhsa ar an urlár.

Bhí an Londubh ar an urlár lena cuid cleití fosta!

Chomh maith leis an cheol tíre agus an damhsa ar an tsean-nós, thug Damian Nixon as Doire agus Seán Mac Corraidh as Béal Feirste cúpla amhrán breá dúinn agus, mar is gnách, bhí oíche ar dóigh ag achan duine!



*Áine Nic Bhloisce agus Caitlín Joe Jack ag baint suilt as an oíche*



*Damian Nixon agus a bhean Jackie ag damhsa*



*Ríonach Ní Scolaí, Julianne Ní Chonchobhair agus Emily Aoibhinn*



# Focla Mhicí

**Teamhaltán:** zip fastener

**Crúbach:** bó a bhfuil dhá chrúb tiontaithe isteach uirthi … club footed … an dá chois tiontaithe isteach ag amharc ar a chéile

**Cruth:** dowry … áit bó agus gamhain a gheobhadh an bhean sa tsean am.

**Déanach**(1)**:** tá an duine bocht sin déanach … tá sé ag fáil bháis … níl sé ró mhaith.

**Déanach**(2)**:** algae buí … féar beag buí.

**Carlanagach:** cosuil leis an déanach.

**Cráifeach:** iontach naofa.

**Corra bangach:** cathaoir nach mbeadh ina shuí go cothrom

**Loftán:** ledge … dá mbeifeá thios í mbeanna iontach ard????

**Déanfasach:** duine atá lán dó féin … sotalach

**Géineach:** comh-cheol na néan … ag éisteacht le géineach na néan

**Cúglú:** reversing … bheithfeá ag cúglú báid … an bád ag gol 'un deiridh … cúglaigh an carr … gabh 'un deiridh

**Stiall:** strip talúin … strip éadaigh … tá stiall mór talaimh ansin

**Ghil:** scoilt an chladaigh ghil … gil-chladach iontach geall

**Tlamán:** lán béil na bó … an méid a bhéarfas bó léithe ina béal de choirce, ná de fhéar ná rud ar bith

**Goiste:** post mortem

**Abhlóir:** duine iontach trioblóideach, a bhionn ag tabhairt trioblóid do na comharsanai go minic … ag tabhairt trioblóid do dhaoine go minic … sin abhlóir amach

**Achrannach:** … sé'n chiall a bhi agamsa leis ná duine achrannach, duine a bheadh ag tógáil achrainn … úit úr nach dteachaigh tú ann roimhe, agus go mbeifeá caillte rud beag.

**Aclai:** Dá mbeadh gearradh iontach cruaidh ar do lamh … cur gráinn cleimreadh (uachtar bainne) ar an ghearradh , agus déanfaidh sé aclai an gearradh, nó an chreith (chreach: wound) …

**Éástair (adhastair):** a chur ar bheitheach: halter … anuas dhá shúil cloigeann a bheithigh … agus cheanglófa suas an beafa(bridle) leis sin

**Aibhéileach:** Dá gcluinfeadh an duine seo scéal, chuirfeadh sé ruball no dhó leis an scéal … ag deanamh aibhéil … exaggerating

**Ainceálta:** duine gan réasún … duine nach bhfuil réasún ar bith aige … fear iontach ainceálta atá ann..

**Fioch:** dá mbeadh crave tíocras ar dhuine fá choinne toitín … tá fioch orm fá choinne smailc cnaibe … fá choinne toit



Saineolaithe na bhfocal Toose Mac Gearailt, Corca Dhuibhne, Máire Feiritéar, Conamara, agus Micí Whiting Mac Aoidh, Inis Bó Finne ag glacadh páirte sa chlár RónánBeo@3 i stiúideo Raidió na Gaeltachta ar an Screabán an tseachtain seo. Cé go mbíonn an triúr ag plé focla agus foclaíochta gach seachtain ar chlár Rónáin Mhic Aodha Bhuí, bé clár na seachtaine seo an chéad uair acu a bheith ag craoladh as aon stiúideo amháin. Tá a cholún féin ag Micí Whiting ar leathanach 14 den eagrán seo.

# Ar an Raidió

## *Sláinte Mhaith*

**RTÉ Raidió na Gaeltachta**
**9.30rn Satharn 4 Meitheamh**

Agus mic léinn na hArd Teiste réidh le dul i mbun scrúdaithe, beidh plé sa chlár inniu ar shláinte na mac léinn. Tá plé ar ghalair tógála gnéis agus déanann an comhairleoir Éamonn Ó Dochartaigh cur síos ar sheirbhísí comhairleoireachta ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Labhrann Áine Ní Bhloscaigh faoin bhuairt a bhíonn ar thuismitheoirí agus a gclann ag dul chun na hollscoile agus cluinimid ó na mic léinn féin fosta.

## *Comhluadar na Leabhar*

**RTÉ Raidió na Gaeltachta**
**10.30rn Domhnach 5 Meitheamh**

Tá an samhradh linn, agus beidh na mílte ag tabhairt faoi chasán siúil an Camino de Santiago de Compostela. Pléann Emer Ní Bhrádaigh agus Bláithín Ní Liatháin 'An Bóthar go Santiago' le Míchéal de Barra agus leabhair eile taistil a chorraíonn iad ar an gclár inniu.

## *Ó Bhaile go Baile*

**RTÉ Raidió na Gaeltachta**
**1.30in Máirt 7 Meitheamh**
**9.30rn Domhnach 12 Meith**

Cuirfear tús le sraith nua cláracha 'Ó Bhaile go Baile' le hÁine Ní Churráin le linn an tsamhraidh. Sa tsraith seo beidh Áine ag caint agus ag comhrá le pobail éagsúla ó Dhún na nGall.

Ins an chéad chlár, déanann Áine siúlóid Thulacha Ó Beaglaoich, ó Ghaoth Dobhair go Cloich Cheann Fhaola i gcuideachta scaifte daoine a bhí ag céiliúradh naoi mbliana déag ó thoisigh daoine ag déanamh na siúlóide. Ba ghnách le daoine ó Ghaoth Dobhair an turas a dhéanamh leis na mairbh a iompar, chun iad a chur i gCré na Cille i dTulacha Ó Beaglaoich.

## *Binneas Béil*

**RTÉ Raidió na Gaeltachta**
**2in Déardaoin 9 Meitheamh**

Is é Dónall Mac Ruairí a bheidh ar na maidí an tseachtain seo. Is ceoltóir é Dónall agus fios a ghnoithe go maith aige, mar sin bí ag súil le meascán deas ceoil agus amhrán.



***Binneas Béil:*** *Rogha ceoil Dhónaill Mhic Ruairí*

## *Nótaí Ceoil le Fiachna Ó Braonáin*

**RTÉ Raidió na Gaeltachta**
**9in Aoine 10 Meitheamh**

Is í Evelyn O'Rourke a bheidh sa stiúideo an tseachtain seo lena cuid cuimhní cinn ar bhliain faoi leith, agus a rogha ceoil, a roinnt le Fiachna Ó Braonáin.

Is craoltóir raidió agus teilifíse í Evelyn atá ag obair le RTÉ ón bhliain 1998. Tá tréimhsí caite aici ag obair mar láithreoir agus mar thuairisceoir ar chuid mhaith cláracha, ina measc: 'Today with Pat Kenny', 'Liveline', 'Operation Transformation' agus ba í a bhí mar thuairisceoir ar 'The Gerry Ryan Show' ar feadh blianta fada. Rannpháirtí rialta í ar chláracha éagsúla do RTÉ Raidió na Gaeltachta agus do TG4.

## Bíodh eolas agat ar do chearta

**Ceist:** **Chaill mé mo phost le déanaí agus tá mé ag smaoineamh ar obair dheonach a dhéanamh mar tá am saor agam. An mbeidh tionchar aige seo ar m'íocaíocht Sochar Cuardaitheora Poist? Caidé mar a thiocfadh liom rud éigin a aimsiú a fhóireann do mo chuid scileanna?**

**Freagra:** Is bealach maith atá in obair dheonach le coinneáil gníomhach, scileanna nua a fhoghlaim agus bheith páirteach i do phobal áitiúil. Thig leat roinnt oibre a dhéanamh mar oibrí deonach agus do shochar leasa shóisialaigh a choinneáil. Ach, caithfidh tú leanúint ort ag sásamh na gcoinníollacha ar fad a bhaineann le d'íocaíocht (lena n-áirítear an riachtanas go bhfuil tú ar fáil agus ag lorg oibre).

Déanfaidh an tOifigeach Breithiúnachta ag d'Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh nó an rannóg a íocann d'íocaíocht leasa shóisialaigh cinneadh de ghnáth an féidir leat d'íocaíocht leasa shóisialaigh a choinneáil agus oibriú mar oibrí deonach. Cuireann an tOifigeach Breithiúnachta roinnt tosca san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige an bhfuil an obair deonach. Áirítear leo seo:

- **Aidhmeanna agus seasamh na heagraíochta deonaí (tig leo bheith ina ngrúpaí náisiúnta nó áitiúla)**
- **An cineál oibre atá i gceist**
- **An líon uaireanta a oibrítear sa tseachtain**

D'fhéadfaí a áireamh le samplaí d'obair dheonach a dhéanfá cuidiú le clubanna óige, grúpaí cúraim, grúpaí spóirt, grúpaí eaglaise agus cumainn chónaitheoirí áitiúla.

Más mian leat obair dheonach a dhéanamh agus Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist a choinneáil, caithfidh tú iarratas a dhéanamh faoin rogha obair dheonach sula dtosaíonn tú aon obair dheonach. Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh foirm iarratais (VW1), atá ar fáil ó d'Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh.

Is í 2011 Bliain Eorpach na hOibre Deonaí agus beidh go leor imeachtaí ar siúl timpeall na tíre le ceiliúradh a dhéanamh agus obair dheonach a chur chun cinn. Tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin ag eyv2011.ie chun tuilleadh eolais a fháil ar an bhliain. Thig leat teagmháil a dhéanamh chomh maith le Volunteering Ireland (volunteeringireland.ie) agus Volunteer Centres Ireland (volunteer.ie) chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi dheiseanna oibre deonaí nó amharc ar shuíomh gréasáin Activelink (activelink.ie).

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

*Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal. Tá faisnéis le fáil fosta ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121.*

# Sna Réalta

## *An tUisceadóir*
Eanáir 21 - Feabhra 19

Beidh duine nó daoine ag déanamh gearáin fá do bhéasaí i nganfhios duit. An sásamh is fearr a bhainfeá as seo ná tré cúis mhaith casaoide a thabhairt daofa.

## *An tIasc*
Feabhra 20 - Márta 20

Más rud é gur sheas tú an fód go daingean go dtí seo, an bhfuil fáth ar leith gur cheart duit géilleadh anois?

## *An Reithe*
Márta 21 - Aibreán 20

Seo am duitse na cófraí a ghlanadh amach agus fáigh réitithe de na sean-éadaigh. Níos mó a chaithtear amach, is fearr. Agus ma bhíonn tú lom, bí lom.

## *An Tarbh*
Aibreán 21 - Bealtaine 21

Ceist chun machnamh air an mhí seo. Arbh fhearr leat bheith i do bhroc nó i do choinín. Is mór an difear!

## *An Cúpla*
Bealtaine 22 - Meitheamh 21

In argóint le duine, in áit do dhearcadh féin a chur chun tosaigh, beidh níos mó tairbhe tré lochtanna an taobh eile a chur chun suntais.

## *An Portán*
Meitheamh 22 - Iúil 22

Beidh tusa míchompórdach ionat féin ar feadh roinnt seachtainí. Agus gan fios údar an drochmhothú. Éirigh go mall agus téigh a luí luath.

## *An Leon*
Iúil 23 - Lúnasa 23

Is anois an t-am ina bhfuil tusa go mór i mbaol ón Drochrud. Dá bhrí sin bí airdeallach agus seachain na láithreáin is dúchasaigh dó.

## *An Mhaighdean*
Lúnasa 24 - Meán Fómhair 22

Tá tusa chun léimtigh isteach i scéim úr an mhí seo. Léim mhór a bheas ann, mar sin bíodh rith maith déanta agat.

## *An Mheá*
Meán Fómhair 23 - Deir. Fómhair 23

Déan iarracht níos mó ama a chaitheamh sa chomhluadar ina bhfuil tú compordach. In áit bheith i gcaidreamh an dream eile.

## *An Scairp*
Deireadh Fómhair 24 - Samhain 22

Ní rómhinic a thagann rudaí aniar aduaidh ortsa. Ach, nuair a tharlaíonn an neamhghnách beidh sé iontach, tré bheith annamh.

## *An Saighdeoir*
Samhain 23 - Nollaig 21

Malairt intinne! Seans go bhfuil do mhana saghas seanaimseartha faoin am seo. Glac an deis chun do dhearcadh saoil a uasghrádú.

## *An Gabhar*
Nollaig 22 - Eanáir 20

Má airíonn tú trína chéile nó fiú meadhránach le gairid; an é nach bhfuil tú ag tabhairt go leor aird ar chursaí mheitifisiciúil?



**Ceiltigh Ghaoth Dobhair:** Buaiteoirí Chorn agus Sraith Dhún na nGall 2011

# 25 bliain ag fás!

Rinne Ceiltigh Ghaoth Dobhair éacht an mhí seo a chuaigh thart nuair a bhain siad Sraith Dhún na nGall agus Corn Dhún na nGall, an dá dhuais is mó i sacar sinsearach na contae. An t-am deireanach a rinne siad an éacht sin ná 1986, 25 bliain ó shin.

Bhí Hugh Rua Ó Gallchóir ina chaiftín ar an fhoireann an bhliain sin agus, tráthúil go leor, tá sé anois ina bhainisteoir ar an fhoireann chéanna.

Agus ní sin deireadh leis an tráthúlacht.

Ar an fhoireann chéanna le Hugh Rua, bhí John Barr, Donnchadh Mac Niallais, John Curran agus Éamonn Mac Aodha agus bhí Shaun Barr, Odhrán Mac Niallais, Éamonn Curran agus Éamonn Mac Aodha, mic leis muintir '86 ar an fhoireann a bhain an dá dhuais i mbliana.

I ndiaidh bliana crua sa tSraith, bhain siad an cluiche deireanach ar 15 Bealtaine in éadan Chill Mhic Réanáin 2-0 agus fuair Colin Ó Fearraigh an dá chúl ar an lá.

Ach fágadh iad ag imirt in éadan Chill Mhic Réanáin arís i gcluiche ceannais an Choirn ag Baile Áir seachtain ina dhiaidh sin.

Scóráil Colin Ó Fearraigh cúl an lá sin agus bhí Pól Mac Giolla Easpaig agus Cathal Campbell leis nuair a bhain na Ceiltigh 3-0.

Mar uachtar ar an mhilseog, toghadh Hugh Rua Ó Gallchóir mar Bhainisteoir na Bliana do Shraith Dhún na nGall agus toghadh Éamonn Curran mar Imreoir na Bliana fosta.

Lá mó eile do na Ceiltigh.

Níl siad ag luí siar ag ceiliúradh, áfach. Tá rún ag an fhoireann tógáil ar an bhua iontach a bhí acu i mbliana agus níl siad sásta fanach 25 bliain eile go dtí go raibh an tSraith agus an Corn ina seilbh arís ag an am amháin.

Beidh traenáil ag toiseacht arís i mí Iúil, mí roimh thús an tséasúir, ag an pháirc Astroturf thiar ag an Scrábán agus tá rún acu foireann éifeachtach a chur amach ar an pháirc ag tús an tséasúir úir.

Beidh traenáil ar fáil fosta do dhaoine óga atá ag iarraidh úsáid a bhaint as na háiseanna ag an Astroturf oíche Luain agus oíche Mháirt ag a 6.00 a chlog.

Sin bealach amháin le foireann óg a chothú agus ag Ceiltigh Ghaoth Dobhair, tá a fhios acu go n-oibríonn sé mar sin mar a cothaíodh an fhoireann a rinne an éacht ar pháirceanna peile Dhún na nGall an mhí seo a chuaigh thart!



**Foireann agus lucht tacaíochta Cheiltigh Ghaoth Dobhair ag ceiliúradh i ndiaidh Corn Dhún na nGall a bhaint.**